Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Deireadh Fómhair 2025 (OR. en)**

**14184/25**

**STATIS 76**
**SOC 674**
**EMPL 441**
**ECOFIN 1365**
**DELACT 157**
**SAN 641**
**EDUC 388**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 6 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 6574 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 6.10.2025 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí phleanáil rollach ilbhliantúil a bhunú le haghaidh na tréimhse 2029-2036 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 6574 final.

---

Faoi iamh: C(2025) 6574 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.10.2025
C(2025) 6574 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 6.10.2025**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí phleanáil rollach ilbhliantúil a bhunú le haghaidh na tréimhse 2029-2036**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

I gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, bunaithe ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí, cumhachtaítear an Coimisiún le gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Rialachán a fhorlíonadh trí phleanáil rollach ilbhliantúil a bhunú nó a oiriúnú. Maidir leis an bpleanáil rollach ilbhliantúil:

(a) ní mór í a ghlacadh ar feadh tréimhse 8 mbliana;

(b) ní mór feidhm a bheith aici maidir leis an mbailiú sonraí a chumhdaítear leis an Rialachán;

(c) ní mór an tréimhsiúlacht a shonraítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán a chomhlíonadh léi;

(d) ní mór a shonrú léi an tréimhse ina mbaileofar sonraí le haghaidh an mhéid seo a leanas:

(i) na topaicí mionsonraithe a ghabhann leis na fearainn a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán;

(ii) ábhair *ad hoc* a iarrann na húsáideoirí, i bhfearann an lucht saothair agus i bhfearainn an ioncaim agus na ndálaí maireachtála, dá bhforáiltear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán.

Dá bhrí sin, bunaítear leis an Rialachán Tarmligthe seo ón gCoimisiún pleanáil rollach ilbhliantúil ar feadh tréimhse 8 mbliana ag tosú in 2029.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Rinne an Coimisiún comhairliúcháin iomchuí mar ullmhúchán don ghníomh tarmligthe seo. Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saineolaithe náisiúnta ar tugadh cuireadh dóibh freastal ar chruinnithe saineolaithe chun an dréachtghníomh tarmligthe a phlé. Rinneadh comhairliúcháin laistigh de Ghrúpa Saineolaithe an Choimisiúin: Stiúrthóirí Eorpacha um Staidreamh Sóisialta agus laistigh de Ghrúpa Saineolaithe an Choimisiúin: Institiúidí Staidrimh Náisiúnta an Chórais Staidrimh Eorpaigh. Choinnigh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon ar an eolas go cuí maidir leis na comhairliúcháin.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is é is cuspóir don ghníomh tarmligthe seo lena mbunaítear pleanáil rollach ilbhliantúil sonrú a dhéanamh ar a mhinice a bhailítear sonraí le haghaidh na dtopaicí mionsonraithe a ghabhann leis na fearainn a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1700 agus le haghaidh na n-ábhar *ad hoc* a iarrann na húsáideoirí, i bhfearann an lucht saothair agus i bhfearainn an ioncaim agus na ndálaí maireachtála, dá bhforáiltear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1700. Bunaítear leis an ngníomh seo tréimhsiúlacht iomchuí an bhailithe sonraí, ar thaobh amháin trí thréimhse bailithe sonraí a leagan síos le haghaidh na bhfearann sin a bhfuil tréimhsiúlacht sonraí amháin acu, agus ar an taobh eile trí

thréimhse bailithe sonraí a leagan síos le haghaidh na bhfearann sin a bhfuil roinnt minicíochtaí bailithe sonraí acu agus trí thopaicí mionsonraithe a ghrúpáil le chéile de réir a dtréimhsiúlachta.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 6.10.2025**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí phleanáil rollach ilbhliantúil a bhunú le haghaidh na tréimhse 2029-2036**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, bunaithe ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 808/2004, (CE) Uimh. 452/2008 agus (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1177/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 577/98 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 4(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá córas pleanála rollaí ilbhliantúla le glacadh ar feadh tréimhse 8 mbliana chun rialáil a dhéanamh ar an mbailiú sonraí a chumhdaítear le hIarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1700 agus, go háirithe, leis an gcóras sin comhlíonfar an tréimhsiúlacht a leagtar amach san Iarscríbhinn agus sonrófar an tréimhse ar lena linn a bheidh sonraí le bailiú.

(2) Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go gcomhlíonfaidh an gníomh seo prionsabal na comhréireachta agus nach gcuirfear ualach ná costas mór leis ar na Ballstáit ná ar na freagróirí.

(3) Rinne an Coimisiún comhairliúcháin iomchuí le saineolaithe náisiúnta mar ullmhúchán don Rialachán seo,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar**

Bunaítear leis an Rialachán seo an phleanáil rollach ilbhliantúil maidir le bailiú sonraí faoi Rialachán (AE) 2019/1700 le haghaidh na tréimhse 2029-2036.

*Airteagal 2*

**Tréimhsí bailithe sonraí le haghaidh na bhfearann agus na dtopaicí mionsonraithe gaolmhara**

[1] IO L 261I, 14.10.2019, lch. 1.

1. Maidir le fearainn nach bhfuil ach tréimhsiúlacht amháin acu, mar a liostaítear i bpointí 3 go 7 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1700, is mar a leagtar amach i gcuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a bheidh an tréimhse bailithe sonraí.

2. Maidir le fearainn a bhfuil roinnt tréimhsiúlachtaí acu, mar a liostaítear i bpointí 1 agus 2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1700, is mar a leagtar amach i gcuid B d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a bheidh an tréimhse bailithe sonraí. Chun na críche sin, déanfar na topaicí mionsonraithe a ghabhann leis na fearainn sin a ghrúpáil le chéile mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*

**Tréimhsí bailithe sonraí le haghaidh na n-ábhar *ad hoc* a iarrann na húsáideoirí**

Is mar a leagtar amach i gcuid B d'Iarscríbhinn I a bheidh an tréimhse bailithe sonraí le haghaidh na n-ábhar *ad hoc* a iarrann na húsáideoirí.

*Airteagal 4*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6.10.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*